



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh

2024–2030



MINCEIR, PAVEE AN ROMA  
GRANĒL OLSK-SUNNI

NACIONALNO STRATEGIA  
VASH E PHIRUTNE THAJ  
E ROMANE EDUKACIA



# Clár

Brollach na nAirí	2-4
Focal ó Chathaoirligh an Ghrúpa Chomhairligh Straitéise	5
Focal ó eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach	6
Fís 2030	7
Réamhrá	9
Forbairt agus comhairliúchán	16
Príomhthéamaí ón gcomhairliúchán	20
Values to guide the delivery and implementation of this strategy	23
Spríoc Straitéiseach	25
Strategic pillars and strategic actions	27
Colún 1: Rannpháirtíocht agus taithí	29
Colún 2: Rochtain agus Torthaí	30
Colún 3: Comhpháirtíocht	32
Colún 4: Athrú a Sheachadadh	33
Cur i bhfeidhm a bhrú ar aghaidh, dul chun cinn a mhonatóireacht, tionchar a mheas agus tuairisciú	34

## Brollach an Aire

Tá áthas orm fáilte a chur roimh an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh thar ceann na Roinne Oideachais. Is céim mhór shuntasach í an straitéis seo inár dtiomantas chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama agus rathúlachta do leanaí an Lucht Siúil agus na Romacha ag gach leibhéal den chóras oideachais agus leagtar amach inti na céimeanna a bheidh á ghlacadh againn thar na sé bliana amach romhainn chun é seo a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo feabhas a chur ar thorthaí oideachais do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach inár scoileanna atá níos ísle ná an daonra i gcoitinne.

Tacaíonn mo Roinn le gach leanbh agus duine óg dul a bheith gafa leis an scoil agus tá raon beart tugtha isteach agam atá ar fáil go huilíoch le blianta anuas chun cabhrú le scoileanna agus le teaghlaigh, lena n-áirítear an leathnú le déanaí ar scéim na leabhar scoile in aisce go dtí an tSraith Shóisearach. Tá tacaíochtaí spriocdhírthe curtha i bhfeidhm agam cheana féin do leanaí agus do dhaoine óga atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil tríd an gclár DEIS agus go háirithe tá an-obair ag tarlú trínár dtreoirthionscadal scoile Tacú leis an Lucht Siúil agus na Romaigh (STAR) atá dírithe ar leanaí agus daoine óga den Lucht Siúil agus na Romach a choinneáil sa chóras scoile. Ina ainneoin sin, tuigimid go gcaithfidimid níos mó a dhéanamh i gcónaí chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach foghlaimoír ar bhuntáistí iomlána an oideachais.

Forbraíodh an straitéis seo trí chomhoibriú láidir idir eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach leis an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Bhí rannpháirtíocht fhorleathan ó raon páirtithe leasmhara inár bpróiseas fairsing comhairliúcháin lena n-áirítear na leanaí agus daoine óga iad féin. Táim go mór faoi chomaoin ag gach duine a chuir a gcuid ama, a gcuid saineolais agus a gcuid léargais ar fáil. Cinntíonn bhur rannpháirtíocht go bhfuil ár gcur chuige feasach, cuimsitheach agus inoiriúnaithe.

Ní féidir an sprioc sa straitéis seo a bhaint amach ach trí oibriú trasna na ranna rialtais agus i gcomhpháirtíocht le raon leathan eagraíochtaí agus táim ag tnúth le leanúint ag obair i gcomhar le mo chomhghleacaithe Aireachta agus a ranna, le heagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach agus leis na comhpháirtithe oideachais agus lenár gcomhghleacaithe ar fud na bpobal scoile uile. Agus tús á chur againn leis an gcéad chéim de thrí chéim dhá bhliain feidhmithe, táim muiníneach go bhfuil conair shoiléir leagtha amach sa straitéis seo, chun tógáil ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Beidh na struchtúir nua chun an straitéis a stiúradh agus a mhonatóireacht fréamhaithe i gcomhpháirtíocht agus cuirfidh sé ar ár gcumas leanúint orainn ag dul i gcomhairle agus ag oiriúnú de réir mar a dhéantar dul chun cinn. Tá na gníomhaíochtaí straitéiseacha sa straitéis seo bunaithe ar eispéiris an Lucht Siúil agus phobail na Romach. Tá siad uailmhianach ach praiticiúil. De réir mar a fhorbróidh na gníomhartha sna blianta atá le teacht táim muiníneach go n-eascróidh athruithe go dáiríre chun eispéireas agus torthaí leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach inár gcóras oideachais a fheabhsú.



**Norma Foley TD**  
**Aire Oideachais**

Tá leanaí óga an Lucht Siúil agus na Romach i measc na leanaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is imeallaithe in Éirinn. Aithnímid go gcruthaíonn an míbhuntáiste go luath sa saol rioscaí iolracha d'fhorbairt leanaí agus go bhféadfadh tionchar fadtéarmach a bheith aige seo ar a ndeiseanna agus ar a gcuimsiú sóisialta..

Is féidir le luathfhoghlaim agus ag cúram ardchaighdeáin a bheith tábhachtach i bhforbairt chognaíoch, shóisialta, mhothúcháin agus fhisiceach agus folláine ár leanaí agus chun cuidiú leis na timthriallta idirghlúine seo a bhriseadh. Is féidir le seirbhísí cúram leanaí in aois scoile ról tábhachtach a bheith acu freisin maidir le tacú le forbairt iomlánaíoch leanaí, ag comhlánú an oideachais fhoirmiúil a sholáthraítear i scoileanna. Treisíonn sé seo an tábhachtaí a chinntiú gur féidir le leanaí ó gach cúlra, lena n-áirítear agus go háirithe an Lucht Siúil agus na Romaigh, rochtain a fháil ar luathfhoghlaim agus cúram ardchaighdeáin agus cúram leanaí in aois scoile agus a bheith rannpháirteach iontu. Tá sé ríthábhachtach do leanaí agus do theaghlach go n-oibríonn ranna rialtais le chéile ar fud an chontanaim oideachais chun tacú le leanaí aistrithe a dhéanamh go rathúil agus le tacaíocht isteach agus trí gach céim dá n-aistear oideachais.

Tá na gníomhartha Straitéiseacha a bhaineann le luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí in aois scoile sa doiciméad seo mar chuid de shamhail Tús Cothrom mo Roinne. Forbraíodh an tsamhail nua seo i gcomhairle chúramach le páirtithe leasmhara lena n-áirítear ionadaithe an Lucht Siúil agus na Romach, soláthraithe luathoideachais agus tuismitheoirí. Tugann Tús Cothrom isteach sraith beart uilíoch agus spriocdhírthe chun tacú le rochtain ar, agus rannpháirtíocht i, luathfhoghlaim agus cúram leanaí agus cúram leanaí in aois scoile do leanaí agus a dteaghlach a bhfuil taithí acu ar mhíbhuntáiste agus imeallú. Glacann an tsamhail cur chuige srathach, a chuimsíonn tacaíochtaí uilíocha, tacaíochtaí leanaí-dhírthe agus tacaíochtaí spriocdhírthe chun a chinntiú go mbeidh tairbhe le fáil ag leanaí an Lucht Siúil agus na Romach atá ag freastal ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí as an gcontanaim tacaíochtaí is fearr a thacaíonn leo agus iad ag tosú ar a n-aistear foghlama.

Tá an straitéis oideachais seo do leanaí an Lucht Siúil agus na Romach mar chuid den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (NITRIS) níos leithne. Cabhróidh a chuimsiú sa phróiseas NITRIS a chinntiú go mbeidh rath ar leanaí sa luathfhoghlaim agus cúram leanaí agus ina dhiaidh sin. Cinnteoidh comhoibriú i dteannta a chéile le ranna rialtais eile agus eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach agus pobail níos leithne go mbeidh rath ar ár gcuid oibre. Tá áthas orm mar sin an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh seo a fhoilsiú i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.



*Roderic O'Gorman*

**Roderic O'Gorman TD**

**Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**

Fáiltím roimh fhoilsiú na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh 2024 – 2030. Is freagracht chomhchoiteann de chuid an Rialtais a chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar oideachas. Glacaim go han-dáiríre leis an bhfreagracht tá sí ina ag mo Roinn trínár gcuid oibre ar an bPlean Rochtana Náisiúnta. Tuigim go bhfuil níos mó le déanamh againn chun tacú le grúpaí imeallaithe ar nós an Lucht Siúil agus na Romaigh ina n-aistear oideachasúil. Is don uile dhuine an t-oideachas, beag beann ar an áit ar fhás siad aníos nó an cúlra as a dtagann siad, agus tá sé mar chúram orainne a chinntiú go gcuirtear roghanna oideachais ar fáil do dhaltaí agus go bhfáiltítear rompu ann.

Aithnítear sa Straitéis seo nach ionann conair oideachais aon duine agus go mbíonn éagsúlacht ag baint le leibhéal agus cineál na dtacaíochtaí a bhíonn de dhíth ar dhaoine. Forbraíodh an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh go comhoibríoch idir mo Roinnse, , an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus leanfaimid lenár gcuid oibre i dteannta a chéile chun na pleananna atá leagtha amach sa straitéis a chur i bhfeidhm. Táim ag súil go leanfaidh ár Ranna ag obair le pobail an Lucht Siúil agus na Romach chun a chinntiú go dtugtar gach deis ratha dóibh le linn a dturas oideachais.

Ní fhéadfaí an straitéis seo a dhréachtú gan rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara ar fad, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt daoibh agus buíochas a ghabháil libh as bhur gcuid oibre agus díograise agus an straitéis seo á chur le chéile.



**Patrick O'Donovan TD**  
**Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**

## Focal ó Chathairleach an Ghrúpa Chomhairligh Straitéise

Is ceart bunúsach é an ceart chun oideachais, a aithnítear thar iliomad conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine dá bhfuil Éire ina páirtí, arna léiriú i mBunreacht na hÉireann agus i ndlí agus i mbeartas na hÉireann. Tá an ceart chun oideachais, atá tábhachtach agus cumhachtach araon, ina chuid lárnach de dhíne an duine, dá cheart chun forbartha sláintiúil, agus do chomhlíonadh a chumais agus a bhuanna. Tá an t-oideachas – atá ríthábhachtach do leanaí agus do dhaoine fásta mar fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil – mar bhonn le meas ar chearta daonna daoine eile agus le sochaí dhaonlathach ina maireann gach duine saor ó leithcheal, ciníochas agus míbhuntáiste. Éilíonn fíorú an chirt chun oideachais go mbeadh rochtain ag an uile dhuine ar an oideachas, agus go mbeadh meas ar chearta an duine in eispéreas an oideachais. Cé go n-éilíonn an próiseas oideachais comhpháirtíocht – idir an foghlaimoir, a theaghlach agus a phobal agus iad siúd sa chóras oideachais – i ndeireadh na dála, ní mór don stát a bheith cuntasach as a chinntiú go rathaítear an ceart chun oideachais.

Le ró-fhada an lá, tá an iomarca Lucht Siúil agus Romach nár éirigh leo sásamh a bhaint as an ceart chun oideachais in Éirinn. Téann an Straitéis nua seo i ngleic leis seo ar bhealach bríoch agus éifeachtach, agus saináithnítear inti na cuspóirí agus na gníomhartha atá de dhíth chun a chinntiú go mbaineann an Lucht Siúil agus na Romaigh sásamh as an ceart chun oideachais, gan leithcheal agus ar bhealach atá cearta-bhunaithe, cuimsitheach, dírithe ar thorthaí agus a léiríonn meas ar chultúir agus ar fhéiniúlachtaí an Lucht Siúil agus na Romach. Ní hamháin go bhfuil cuspóir na Straitéise tábhachtach, tá próiseas leathan comhairleach cuiditheach leis an Lucht Siúil agus na Romaigh agus le páirtithe leasmhara ar fud an chórais oideachais mar bhonn léi. Glactar sa Straitéis, agus í bunaithe ar chomhairliúchán fairsing le pobail an Lucht Siúil agus na Romach, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, agus a n-eispéiris saoil ar an gcóras oideachais, le cur chuige a bhfuil fíis agus luachanna comhroinnte mar bhonn léi, ina gcuirtear i láthair sraith gníomhaíochtaí praiticiúla a bhfuil teorainn ama leo. I dteannta a chéile, is iarracht an-bhríoch í seo ag an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde agus Eolaíochta chun dul i ngleic le heasnamh agus le héagothroime an chórais oideachais reatha ó thaobh an Lucht Siúil agus na Romach.

Ba phribhléid domsa cathairleacht a dhéanamh ar Ghrúpa Chomhairleach um Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh chun tacú leis an Straitéis seo agus breathnú ar an gcur chuige measúil, cuimsitheach agus cuiditheach a ghlac na comhaltaí uile, go háirithe eagraíochtaí agus grúpaí an Lucht Siúil agus na Romach a raibh a dtionchar ag gach céim ríthábhachtach. Tuigeann gach duine gurb í seo an chéad chéim seachas an chéim dheirdh i bpróiseas leanúnach chun a chinntiú, le hacmhainní agus le cur i bhfeidhm, go ndéanfaidh an Straitéis dul chun cinn dáiríre i dtreo ceart oideachais an Lucht Siúil agus na Romach in Éirinn a chomhlíonadh.

**An tOllamh Ursula Kilkelly, Cathairleach an Ghrúpa Chomhairligh um Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh**

## Focal ó eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach

Léiríonn foilsíú na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh tiomantas treisithe ag an Aire Oideachais, an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde agus Eolaíochta agus a ranna faoi seach d'uaimhian agus do chomhionannas oideachais an Lucht Siúil agus na Romach. Ciallaíonn cothromas oideachais comhionannas rochtana, rannpháirtíochta, agus torthaí do na Romaigh agus don Lucht Siúil ag gach leibhéal den chóras, cuimsiú ag gach leibhéal sa churaclam, agus san fhórsa saothair don luath-óige agus cúram agus san fhórsa saothair oideachais. Ciallaíonn comhionannas oideachais deireadh le gach cineál leithcheala agus ciníochais a mbíonn tionchar acu ar eispéireas oideachais an Lucht Siúil agus na Romach, a bhí diúltach don iomarca agus ónar tharla eisiámh ó ghlúin go glúin le hiarmhairtí ar dheiseanna saoil. Ciallaíonn cothromaíocht a bhaint amach freisin tacaíocht de shíor agus treisithe do thionscnaimh agus acmhainní leanúnacha, le tacaíocht agus rannpháirtíocht ó eagraíochtaí phobal an Lucht Siúil agus na Romach, chun an comhionannas seo a bhaint amach. Don iliomad Lucht Siúil agus Romach a thug a gcuid ama go fial le páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin na Straitéise, agus d'eagraíochtaí an Lucht Siúil a d'oibrigh le blianta fada ar chearta oideachais ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, tá cothromas agus comhionannas san oideachas riachtanach chun cearta na Romach agus an Lucht Siúil a bhaint amach. Bhí sé seo mar bhonn lenár n-ionchuir sa Ghrúpa Comhairleach. Ní féidir le cur chuige a oireann do chách dul i ngleic le gach riachtanas, cuid acu atá trasnach. Mar shampla, ní mór aird ar leith a dhíriú ar chearta oideachais cailíní agus mná an Lucht Siúil agus na Romach, Romaigh agus an Lucht Siúil a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, agus Romaigh a bhfuil bacainní teanga orthu.

Is mór againn tiomantas agus obair oifigigh na Roinne a raibh baint acu leis seo, agus na deiseanna a bhí ar fáil le bheith gafa le forbairt na Straitéise. Is í an Straitéis an chéad chéim. Beidh gá na spriocanna agus na hamlínte atá sa chéad Phlean Forfheidhmithe gaolmhar a atreisiú sa dá Phlean ina dhiaidh sin. Beidh sé ríthábhachtach grúpa maoirseachta le ballraíocht ó na pobail a bheith ar fáil chun an cur i bhfeidhm a thacú agus a mhonatóireacht ionas go mbainfear amach dul chun cinn marthanach do chearta Oideachais na Romach agus an Lucht Siúil. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag cur leis an obair riachtanach seo.







## Fís 2030

Forbraíodh an ráiteas físe don straitéis seo trí chomhairliúchán leis an nGrúpa Comhairleach um Oideachas do Straitéis an Lucht Siúil agus na Romach (SOLSR).

Tá córas oideachais ardchaighdeáin uilechuimsitheach uainn atá oscailte agus fáilteach do chách, beag beann ar chúlra nó ar chumas; córas oideachais a rannpháirtíonn go fóinteach foghlaimoirí de gach aois i dtimpeallacht dhearfach foghlama ina seastar leis an gcomhionannas, ina mbíonn meas ar an éagsúlacht, ina mbíonn an uile dhuine luachmhar agus ina dtugtar tacaíocht ghníomhach dóibh chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.



Tá fócas láidir ar leanaí agus daoine óga a bheith ag gnóthú a lánacmhainneachta. Agus é sin á dhéanamh, tá sé thar a bheith tábhachtach tacaíochtaí a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga ag pointí aistrithe inár gcóras oideachais agus tacaíochtaí faisnéise a sholáthar do thuismitheoirí agus caomhnóirí an Lucht Siúil agus na Romaigh chun a rannpháirtíocht a spreagadh. Leagfar béim ar leith ar choinneáil trí rath a mhéadú do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romaigh i dtír réimse: rannpháirtíocht i luathfhoghlaim agus cúram leanaí, críochnú na hArdteistiméireachta, agus iontráil chuig agus críochnú Breisoideachais agus Ardoideachais.

Má oibrítear le chéile chun ciníochas agus leithcheal laistigh den chóras oideachais a chomhrac agus a chosc, soláthrófar eispéireas cuimsitheach, measúil agus dearfach don Lucht Siúil agus na Romaigh go léir. Déanfar é seo trí chuimsiú a leabú agus trí éagsúlacht a fháiltiú i ngach suíomh oideachais.

Beidh bunú creat monatóireachta agus meastóireachta mar chuid lárnach den Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh agus déanfaidh grúpa maoirseachta é seo a mhaoirsiú. Is straitéis sé bliana í SOLSR a bheidh tacaíthe ag plean feidhmithe trí bliana. Tá an chéad phlean feidhmithe 2024-2026 á fhoilsiú taobh leis an straitéis seo ina ndírítear aird ar an miontaighde a rinneadh go dtí seo tríd an litríocht, trí chomhairliúcháin fhairsing agus trí thionscnaimh atá ann cheana. Soláthraíonn an chéad phlean feidhmithe an bonn chun an straitéis a fhorbairt agus tionscnaimh a bhunú. Beidh fócas na bpleananna feidhmithe ina dhiaidh sin ar thógáil agus ar leathnú na hoibre agus ar a mbíonn foghlamtha ón gcéad phlean feidhmithe mar aon le tionscnaimh nua a chuimsiú nach bhfuil san áireamh sa phlean reatha. Áireofar leis seo freisin spriocanna soiléire a leagan síos maidir le rannpháirtíocht i luathfhoghlaim agus i gcúram leanaí, coinneáil go dtí an Ardteistiméireacht agus iontráil agus críochnú an oideachais threasaigh.

# 1 Réamhrá



## Réamhrá

Tá an t-oideachas mar bhunchloch na sochaí agus mar thiománaí an chomhionannais sóisialta. Forbraíodh an straitéis oideachais seo go sonrach chun freastal ar riachtanais leanaí, daoine óga agus daoine fásta an Lucht Siúil agus na Romach agus é mar aidhm aige a n-eispéireas agus a rathúlacht oideachais a fheabhsú. Tá sé i gceist treoir a sholáthar don chóras oideachais uile lena n-áirítear luathfhoghlaim agus cúram leanaí, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht, breisoideachas, ardoideachas agus oideachas ar feadh an tsaoil trí chomhoibriú tras-rannach idir an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Tá an Lucht Siúil agus na Romaigh i measc na ndaoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is imeallaithe in Éirinn. Mar iarracht dul i ngleic leis seo, foilsíodh Straitéis Náisiúnta maidir le hlonchuimsiú Taistealaithe agus Romach (SNITR) in 2017 ar straitéis chuimsithe uile-Rialtais í chun feabhas a chur ar shaolta an Lucht Siúil agus na Romach i réimsí ar nós Sláinte, Tithíocht, Oideachas agus Fostaíocht. Sa leagan is déanaí, SNITR II, a foilsíodh i mí Iúil 2024, soláthraítear creat chun comhionannas torthaí oideachais a bhaint amach, tacú le pobal scoile cuimsitheach, agus cultúr dearfach measa agus cosanta a chur chun cinn d'fhéiniúlacht chultúrtha an Lucht Siúil agus na Romach san oideachas. Gníomh lárnach laistigh de SNITR II is ea an Straitéis um Oideachas Romach don Lucht Siúil.

Tá forbairt na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh seo mar ghealltanais freisin i gClár an Rialtais (CaR) reatha a shonraíonn, *leathnú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas agus leanúint leis agus Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Lucht Siúil a fhorbairt, lena n-áirítear plean chun rochtain ar Ardoideachas a fheabhsú do bhaill an Phobail Lucht Siúil.*

I measc na dtiománaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta don straitéis seo tá raon leathan moltaí, teoracha agus straitéisí beartais agus cearta daonna. Ar leibhéal an chórais uile áirítear leo seo Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Dhíothú Gach Cineál Idirhealaithe Ciníoch, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chosaint Mionlaigh Náisiúnta. Faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, tá sé mar aidhm ag sprioc 4.5 “deireadh a chur le héagsúlachtaí inscne san oideachas agus rochtain chomhionann ar gach leibhéal oideachais agus gairmoiliúna a chinntiú do dhaoine leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine dúchasacha agus leanaí i suíomhanna leochaileacha” faoi 2030. Leagann Creat Straitéiseach Romach an AE um Chomhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht do 2020–2030 (“Creat Straitéiseach Romach an AE”) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an bhéim ar chuimsiú socheacnamaíoch a chur chun cinn i réimsí an oideachais, na fostaíochta, na tithíochta agus na sláinte, mar aon le comhionannas agus rannpháirtíocht agus tá formhuiniú iomlán aige ó Rialtas na hÉireann. Tuairiscíonn Éire freisin do roinnt coistí de chuid na NA agus Eorpacha ar breithníodh a moltaí nuair a bhí an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus Romaigh seo á forbairt.

I mí an Mhárta 2017, thug an Stát aitheantas don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith laistigh de náisiún na hÉireann (Tithe an Oireachtais, 2017). Forbairt shuntasach agus stairiúil ba ea aitheantas foirmiúil eitneachas an Lucht Siúil don Lucht Siúil agus d'Éirinn. Thacaigh gach páirtí san Oireachtas leis an bhfógra agus chruthaigh an t-aitheantas ar fhéiniúlacht uathúil an Lucht Siúil bonn láidir ónar féidir díriú ar fhíor-chomhionannas agus rannpháirtíocht phobal an Lucht Siúil i sochaí na hÉireann.

Bunaíodh Comhchoiste an Oireachtais um Shaincheisteanna Ríthábhachtacha a théann i gcion ar an Lucht Siúil i mí Mheán Fómhair 2020 chun na héagthroime deiseanna agus na torthaí atá le sárú ag an Lucht Siúil i réimsí na sláinte, an oideachais, na fostaíochta agus na cóiríochta a iniúchadh agus chun teoracha beartais a mholadh chun na tionchair ar an Lucht Siúil a mhaolú. Rinneadh machnamh cúramach ar na moltaí oideachais agus an straitéis seo á forbairt.

Tugadh faoi deara ó thús na hoibre forbartha straitéise seo gur dhá ghrúpa ar leith iad an Lucht Siúil agus na Romaigh lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, cultúr, oidhreacht, teanga agus reiligiún. Cé go bhfuil go leor cosúlachtaí idir na saincheisteanna a bhíonn mar dhúshlán ag an Lucht Siúil agus na Romaigh san oideachas, tá roinnt dúshlán éagsúil a bhaineann le gach grúpa freisin.

### Ceartha agus Beartais Idirnáisiúnta

- > Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UNCRC)
- > Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Dhíothú Gach Cineál Idirhealaithe Ciníoch (CERD)
- > An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha (CESCR)
- > Straitéis an AE um Chearta an Linbh
- > Creat Straitéiseach Roma an AE
- > Creat-Choinbhinsiún chun Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (FCNM)
- > Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

### Straitéis agus Beartais Intíre

- > An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (SNITR)
- > An Chéad Chúig straitéis chun saol naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh a fheabhsú
- > Tús Cothrom chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht sa luathfhoghlaim agus cúraim agus leanaí in aois scoile
- > Éire Óg: an Creat Beartais Náisiúnta do Leaná agus Daoine Óga
- > Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann i gCoinne an Chiníochas (NAPAR)
- > Comhionannas Deiseanna Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)
- > An Dara Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go 2030
- > Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní
- > Straitéis Imirceach
- > Straitéis Litearthachta, Digiteacha agus Litearthachta Digití
- > Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht
- > Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais



## An Lucht Siúil agus na Romaigh: torthaí oideachais faoi láthair

Tháinig na figiúirí déimeagrafacha is déanaí don Lucht Siúil agus na Romaigh in Éirinn ó Dhaonáireamh 2022. As daonra iomlán de díreach os cionn 5 mhilliún in Éirinn, áiríodh 32,949 den Lucht Siúil (.64% den daonra iomlán) agus 16,059 (.31% den daonra iomlán) Romach sa Daonáireamh. D'fhéadfadh na figiúirí seo a bheith níos airde.

Léiríonn sonraí ó Bhunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne (POD) na Roinne Oideachais éagsúlacht mhór sna rátaí rannpháirtíochta sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) nó i suíomhanna réamhscoile eile thar chohóirt éagsúla leanaí. In 2022/2023, d'aistrigh 74% de leanaí an Lucht Siúil agus 64% de leanaí Romacha isteach i ranganna naíonán sóisearach sa bhunscoil ón gclár COLÓ nó ó shuíomh réamhscoile eile, i gcomparáid le 95.5% den daonra i gcoitinne.

Baineann na sonraí is déanaí a foilsíodh ar rollú bunscoile agus iar-bhunscoile leis an scoilbhliain 2022/2023. Léiríonn sé seo móriomlán de 11,679 den Lucht Siúil (8,309 sa bhunscoil agus 3,370 san iar-bhunscoil) agus 3,404 Romach (2,629 sa bhunscoil agus 1,775 san iar-bhunscoil).

Léiríonn na sonraí atá ar fáil ar dhaonra an Lucht Siúil ráta aistrithe de 95-98% ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil do dhaltáí an Lucht Siúil sa scoilbhliain roimh phaindéim COVID-19, roimhe sin bhí sé an-ghar don mheán náisiúnta de 99%. In 2022/23, áit ar bhog daltaí bunscoile go dtí an iar-bhunscoil, thit an meán náisiúnta go 95.6%, agus d'ísligh meán an Lucht Siúil go 82.7%.

Ba é ráta aistrithe leanaí na Romach ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil roimh an bpaindéim ná 97.8%, a laghdaigh go 89.1% nuair a bhog daltaí bunscoile in 2022/23 go dtí an iar-bhunscoil in 2023/24.

Tá níos lú leanaí agus daoine óga den Lucht Siúil a chríochnaíonn an iar-bhunscolaíocht ná an chuid eile den daonra. Tá méadú ag teacht, áfach, ar an líon daoine óga a théann ar aghaidh chuig an tríú bliain agus níos faide ná sin. Chríochnaigh leanaí agus daoine óga a chuaigh isteach san iar-bhunscoil in 2016 (cohórt 2016) timthriall cúig nó sé bliana in 2021 nó 2022. Léiríonn na sonraí gurb é an céatadán scoláirí den Lucht Siúil as cohórt 2016 a lean ar aghaidh go dtí an tríú bliain ná 90.5%, agus sna sé bliana ó chohórt 2011 i leith tháinig méadú 10% go 72% ar líon an Lucht Siúil a lean ar aghaidh chun scrúdú na Sraithe Sóisearaí a dhéanamh. Tá méadú 9% tagtha ar líon an Lucht Siúil a rinne an Ardteistiméireacht le sé bliana anuas ach tá sé fós íseal ag 31.4% i gcomparáid le 91.7% den chohórt iomlán.

Tá méadú ag teacht ar líon na dTaistealaithe a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal acu – léirigh Daonáireamh 2022 go bhfuair 312 den Lucht Siúil cáilíocht tríú leibhéal, beagnach dhá oiread an fhiigiúir 167 i nDaonáireamh 2016, agus trí huair an fhiigiúir 89 i nDaonáireamh 2011. I suíomh tríú leibhéal, ní raibh ach 4.7% den Lucht Siúil a chríochnaigh a gcuid oideachais tríú leibhéal i gcomparáid le 47.7% den daonra i gcoitinne. Thosaigh 36 iontrálaí nua féin-dearbhaithe den Lucht Siúil san ardoideachas in 2022, agus chláraigh 1,310 den Lucht Siúil agus 332 Romach don bhreiseoideachas. Cláraíodh suas le 1,415 den Lucht Siúil agus 345 Romach ar fud na gclár breisoideachais agus oiliúna, ina measc cláir litearthachta d'aosaigh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na huimhreacha agus na céatadán thuasluaite bunaithe ar líon na ndaoine a fhéin-aithnigh mar Lucht Siúil nó Romaigh agus d'fhéadfadh nach léiriú iomlán iad ar na huimhreacha mar atá i ndáiríre.

*“Ba mhaith liom níos mó rannpháirtíochta a fheiceáil ó dhaoine óga den Lucht Siúil agus na Romach san iar-bhunoideachas agus san ardoideachas.”*

*Attribute quote*

Go minic bíonn ciníochas agus leithcheal mar eispéireas ag leanaí agus daoine óga den Lucht Siúil agus Romaigh laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais. Dhírigh taighde agus tuarascálacha roimhe seo béim air seo agus tacaíonn an léirbhreithniú ar an litríocht agus an comhairliúchán a rinneadh i bhforbairt na straitéise roimhe seo tuilleadh leis an toradh seo.



*“Ba cheart fócas láidir a bheith ar luachanna a chothaíonn cuimsiú, frithchiníochas agus tiomantas oideachais do gach leanbh i dtimpeallacht shábháilte ina bhfuil saoirse ag gach uile leanbh foghlaim agus a bheith bródúil as a bhféiniúlacht.”*

*Attribute quote*

*“Is minic a dhéantar bulaíocht ar leanaí Roma toisc nach bhfuil ar a gcumas Béarla a labhairt.”*

*Attribute quote*

Chun dul i ngleic le ciníochas agus leithcheal i gcoinne leanaí agus daoine óga de chuid an Lucht Taistil agus na Romach, glacann an straitéis seo cur chuige uile-oideachais trí thrí roinn a thabhairt le chéile trasna na luathfhoghlama agus an chúraim leanaí, na scoile (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal) agus breisoideachas agus ardoideachas athruithe spriocdhírthe agus mórthionchair a dhéanamh. Mar aon le comhoibriú tras-rannach, oibreoidh an straitéis seo céim ar chéim le straitéisí, polasaithe agus nósanna imeachta oideachais atá ann cheana a chothaíonn cuimsiú, folláine agus ilchultúrthacht lena n-áirítear Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, Tús Cothrom an Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais, an Straitéis Oideachais Idirchultúrtha agus na treoirlínte gaolmhara agus an clár Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS).






Graf/Tábla 1.

Iontrálaithe ón gclár COLÓ nó ó shuíomh réamhscoile eile chuig ranganna na naíonán sóisearach i mbunscoileanna príomhshrutha


## Cúlra Eitneach nó Cultúrtha - 2022




Foinse: Bunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna 2022/2023 an Roinn Oideachais

Graf/Tábla 2.

## Rollú Scoile



# 2 Forbairt agus comhairliúchán



## Rialachas

Bunaíodh Grúpa Comhairleach um Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh chun dearadh, forbairt agus dréachtú na straitéise a threorú, a mhaoirsiú agus chun cur leis. Bhí ról lárnach ag an ngrúpa comhairleach agus ag foghrúpa comhairliúcháin den Lucht Siúil agus na Romach i bhforbairt, i dtreorú agus i reachtú na gcomhairliúcháin a bhain leis an straitéis. Rinne an tOllamh Ursula Kilkelly, saineolaí agus scoláire a bhfuil an-chuid foilsithe aici ar chearta idirnáisiúnta leanaí, cathaoirleacht neamhspleách ar an ngrúpa.

Bhí raon de pháirtithe leasmhara oideachais, an Lucht Siúil agus na Romaigh agus ionadaithe ó gach ceann de na trí Roinn mar chuid de bhallraíocht an Ghrúpa Chomhairligh. Tá liosta iomlán na gcomhaltaí ar fáil in Aguisín 2.

## Comhairliúchán

### Comhairliúcháin bunscoile agus iar-bhunscoile

Rinneadh iarrachtaí suntasacha ó thús an phróisis chomhairliúcháin a chinntiú go raibh na páirtithe leasmhara ábhartha uile ar an eolas faoi fhorbairt na straitéise agus faoi na himeachtaí comhairliúcháin chun an rannpháirtíocht agus an fheasacht uasta a chinntiú. Rinneadh iarrachtaí comhfhiosach gach cumarsáid agus comhairliúcháin faoin straitéis a bheith chomh cuimsitheach agus chomh hinrochtana agus ab fhéidir. Cé gur dhírigh na comhairliúcháin ar an gcóras scoile, cuireadh aiseolas ar fáil freisin maidir le luathfhoghlaim agus cúram agus oideachas treasach. Bhí na tuarascálacha mionsonraithe ó na comhairliúcháin a reáchtáladh maidir le forbairt SNITR II mar bhonn leis an gcomhairliúchán Straitéis Oideachais don Lucht Siúil na Roma (SOLSR).

### Comhairliúchán Poiblí

Sheol an tAire Oideachais suirbhé comhairliúcháin poiblí an 17 Iúil 2023 agus bhí sé oscailte go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2023. Chuimsigh dearadh an tsuirbhé aiseolas suntasach ó eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach, agus rinneadh iarrachtaí soiléireacht agus rochtain a chinntiú. Cuireadh leagan soghluaiste den suirbhé ar fáil, agus reáchtáladh feachtas meáin shóisialta chun daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach chun feasacht a mhéadú. Ón gcomhairliúchán poiblí d'eascair an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus tacaíocht na dtuismitheoirí mar cheann de na príomhthéamaí. Léirítear rannpháirtíocht le tuismitheoirí agus caomhnóirí sna gníomhartha straitéiseacha go háirithe i gcolún a dó agus a trí den straitéis seo.

### Comhairliúchán Spriocdhírthe

Dearadh agus forbraíodh comhairliúcháin spriocdhírthe do thrí chohórt éagsúla: teaghlaigh agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach; leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach agus an córas oideachais.

#### 1. Teaghlaigh agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach

Eagraíodh comhairliúcháin le teaghlaigh agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach trí eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach chun rannpháirtíocht uasta a chinntiú. Tharla sé chomhairliúchán: ceithre cinn leis an Lucht Siúil (i dTuaim, Port Laoise, Baile Átha Cliath agus Corcaigh) agus dhá cheann leis an bpobal Romach (i mBaile Átha Cliath agus Longfort). Ar cheann de na dúshláin a luadh sa chomhairliúchán seo bhí na hionchais níos ísle ag múinteoirí ó leanaí an Lucht Siúil agus na Romach ar scoil. Díródh aird ar thorthaí agus ar chothromas deiseanna mar chuspóirí riachtanacha na straitéise seo a spreagann gach leanbh chun a lánacmhainneacht a chomhlíonadh.

## 2. Leanáí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach

D'oibrigh an Grúpa Comhairleach leis an RLCMLÓ, Hub na nÓg agus le heagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach chun an comhairliúchán le leanáí agus daoine óga a dhearadh agus a sheachadadh. Tacaíonn Hub na nÓg le ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhrialtasacha chun deiseanna a sholáthar do leanáí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht, le fócas ar leith orthu siúd nach gcloistear uathu ach go hannamh. Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh don phróiseas comhairliúcháin bunaithe ar Mhúnla Lundy a dhíríonn ar spás oiriúnach a sholáthar ina n-éistear le leanáí agus le daoine óga agus ina gcruthaítear deiseanna dóibh a dtuairimí a chur in iúl. Reáchtáladh roinnt comhairliúcháin ar an láthair in áiteanna ar fud na tíre, agus chun freastal ar an líon mór daoine óga agus eagraíochtaí ar spéis leo a bheith rannpháirteach, eagraíodh roinnt comhairliúcháin ar líne freisin.

Léirigh cuid den aiseolas gur fearr le leanáí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach an bhunscoil seachas an iar-bhunscoil agus thuairiscigh roinnt leanáí agus daoine óga ó na pobail seo eispéiris dhiúltacha ar scoil. Rinneadh na tuairimí seo a bhreithniú nuair a bhí na gníomhartha straitéiseacha á bhforbairt, go háirithe iad siúd a bhaineann le feabhas a chur ar a dtaithí agus iad ag aistriú trasna gach leibhéal oideachais. Cuirfear aiseolas aois chairdiúil, inrochtana agus measúil ar fáil do na leanáí agus na daoine óga a ghlac páirt sna comhairliúcháin seo, de réir mhúnla Lundy.

## 3. An Córas Oideachais

Baineadh úsáid as raon modheolaíochtaí éagsúla chun aiseolas a bhailiú ón gcóras oideachais. Ina measc bhí suirbhé spriocdhírthe ar scoileanna roghnaithe a fhaigheann tacaíocht ó Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD); Ceardlann ar Stíl Chaifé Domhanda le hionadaithe ón gcóras scolaíochta lena n-áirítear baill de Ghrúpa Comhairleach DEIS agus dhá cheardlann dírithe ar phobail bhunscoile agus iar-bhunscoile a chuimsigh oideachasóirí ón earnáil breisoideachais agus ardoideachais. Téama coitianta ar fud na hearnála oideachais ab ea an t-eispéireas scoile a fheabhsú a thacaíonn leis an tábhacht rochtain, tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil a fheabhsú mar phríomhchuspóir.





## Comhairliúchán luathfhoghlama agus cúram leanaí

Tharla comhairliúchán fairsing i réimse na luathfhoghlama agus cúram leanaí maidir le forbairt mhúnla maoinithe Tús Cothrom ina raibh fócas ar leith ar fhreastal ar riachtanais leanaí an Lucht Siúil agus na Romach agus a dteaghlach. Tá forbairt Tús Cothrom bunaithe ar shraith staidéar taighde a rinne an Sainghrúpa ar an tsamhail mhaoinithe. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí ansin a bhain go sonrach le dearadh Tús Cothrom chun a bheith gafa le soláthraithe Luathfhoghlama agus Cúram Leanaí (LFC) agus Cúram Leanaí in Aois Scoile (CAS), oideachasóirí luathbhlianta, cleachtóirí CAS agus eagraíochtaí ionadaíocha. Reáchtáladh roinnt agallamh leath-struchtúrtha, agus ina dhiaidh sin eagraíodh sraith ceardlann, ar líne agus ar an láthair. Chuimsigh na ceisteanna bacainní, dúshlán agus saincheisteanna reatha a bhaineann le míbhuntáiste maidir le rochtain agus rannpháirtíocht i LFC agus CAS, grúpaí tosaíochta, agus tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí féideartha.

## Comhairliúcháin breisoideachais agus ardoideachais

D'éascaigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) comhairliúchán fairsing ar fhorbairt an Phlean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas (2022-2028). D'fhoilsigh an ÚAO páipéar comhairliúcháin agus seoladh glao poiblí ar aighneachtaí. Sholáthair an páipéar comhairliúcháin comhthéacs an phlean nua, cuireadh ceisteanna le breithniú, agus spreagadh ionchur ó pháirtithe leasmhara. Chuir go leor eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí don Lucht Siúil agus Romach aighneachtaí scríofa ar fáil le linn an phróisis chomhairliúcháin, mar shampla Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chathair Chorcaí, Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann, Fóram Náisiúnta na mBan den Lucht Siúil agus Pavee Point, agus MABS Náisiúnta don Lucht Siúil.

# 3 Príomhtheamaí ón gcomhairliúchán



- 1. Ciníochas agus leithcheal:** Dul i ngleic le ceisteanna rábacha an chiníochais agus an leithcheala a bhíonn le sárú ag daltaí an Lucht Siúil agus na Romach sa chóras oideachais.
- 2. Easpa eolais ar an gcultúr:** Aird a dhíriú ar an ngá atá le feasacht agus tuiscint níos fearr ar chultúir an Lucht Siúil agus na Romach i dtimpeallacht na scoile.
- 3. Rannpháirtíocht agus tacaíocht tuismitheoirí:** Béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus/nó do chaomhnóirí in aistear oideachais a leanaí.
- 4. Ionchais ísle:** Dúshlán a thabhairt do na hionchais ísle a bhíonn go minic ag leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar a ndul chun cinn oideachais.
- 5. Inniúlacht agus ionadaíocht chultúrtha feabhsaithe:** Inniúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus ionadaíocht níos fearr a chinntiú do chultúir an Lucht Siúil agus na Romach sa churaclam agus i ngníomhaíochtaí scoile.
- 6. Rannpháirtíocht agus cumasú an phobail:** Rannpháirtíocht agus cumasú gníomhach an phobail a spreagadh chun tacú le torthaí oideachais do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach.
- 7. Tacaíocht mheabhairshláinte agus folláine:** Aitheantas a thabhairt don ghá atá le tacaíocht mheabhairshláinte agus folláine atá oiriúnaithe d'éispéiris shonracha leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach.
- 8. Conairí agus treoir oideachais:** Conairí soiléire oideachasúla agus treoir a sholáthar chun cabhrú le leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- 9. Monatóireacht agus meastóireacht:** Meicníochtaí láidre monatóireachta agus meastóireachta a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas agus na gcleachtas atá dírithe ar oideachas an Lucht Siúil agus na Romach a fheabhsú.
- 10. Tacaíochtaí tiomnaithe:** Glao ar shraith tacaíochtaí tiomnaithe do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach chun éispéiris agus torthaí oideachais a fheabhsú agus chun an bhearna idir gnóthachtáil na leanaí seo agus an meán náisiúnta a laghdú.

## Tuarascálacha comhairliúcháin

Seo a leanas liosta de na tuarascálacha a d'eascair as taighde agus comhairliúcháin a rinneadh go sainráite chun an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh a fhorbairt, a bheidh ar fáil ar shuíomh gréasáin na straitéise [gov.ie](http://www.gov.ie) - *Traveller and Roma Education Strategy (www.gov.ie)*

- Tuairisc ar chomhairliúchán poiblí ar líne
- Tuairisc ar chomhairliúchán spriocdhírthe: snáithe oideachais
- Tuarascáil ar chomhairliúchán spriocdhírthe: leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach
- Tuarascáil ar chomhairliúchán spriocdhírthe: teaghlaigh agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach

## Cumarsáid agus aiseolas

Tá gealltanas uileghabhálach sa straitéis maidir le feabhas a chur ar chumarsáid idir an córas oideachais agus an Lucht Siúil agus na Romaigh. Áirítear leis seo tiomantas chun an leathanach SOLSR a fhorbairt ar [gov.ie](http://www.gov.ie) chun a chinntiú go bhfuil faisnéis cothrom le dáta ar fáil maidir le hoideachas don Lucht Siúil agus na Romaigh. [gov.ie](http://www.gov.ie) - *Traveller and Roma Education Strategy (www.gov.ie)*





# 4

Luachanna chun seachadadh agus cur i bhfeidhm na straitéise seo a threorú



Tá an straitéis seo bunaithe ar shraith croíluchanna a chabhróidh cinnteoireacht agus tosaíochtaí a threorú thar shaolré na straitéise.

### 1. Foghlaimeoir-Lárnach

Bhí tuairimí leanaí agus daoine óga lárnach i bhforbairt na straitéise seo. Tacófar le leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach páirt bhríoch a ghlacadh i gcinnteoireachtaí a mbíonn tionchar acu orthu.

### 2. Comhoibríoch

Forbraíodh an straitéis trí phróiseas comhoibríoch ina raibh pobail an Lucht Siúil agus na Romach agus eagraíochtaí agus Ranna agus gníomhaireachtaí trasna an chontanam oideachais páirteach. Déanfar an straitéis seo a sheachadadh agus a mheas i gcomhar le pobail agus eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach.

### 3. Cuimsiú agus Meas

Tá cuimsiú agus meas i gcroílár na straitéise seo. Táimid tiomanta do thacú le rannpháirtíocht dhearfach an Lucht Siúil agus na Romach ag gach leibhéal den chóras oideachais. Táimid tiomanta do dhul i ngleic le ciníochas, éagsúlacht a chur chun cinn agus timpeallachtaí foghlama a chruthú ina n-aithnítear agus ina léirítear meas agus ómós ar fhéiniúlacht agus ar chúlra uathúil foghlaimeoirí an Lucht Siúil agus na Romach.

### 4. Inrochtana

Is ceart daonna é an t-oideachas agus tuigimid luach na foghlama agus a ról i bhforbairt, i gcomhtháthú agus i bhfolláine sochaí uilechuimsitheach. Táimid tiomanta do chinntiú go mbíonn an deis ag foghlaimeoirí an Lucht Siúil agus na Romach páirt dhearfach a ghlacadh ina n-aistear oideachasúil ina mbeidh spreagadh agus tacaíocht ar fáil dóibh chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.

### 5. Torthaí Dearfacha

Trí sheachadadh na straitéise seo táimid tiomanta fócas a choinneáil ar uaimhianta oideachais agus ar thorthaí dearfacha don Lucht Siúil agus na Romaigh ag gach leibhéal oideachais.

### 6. Cuntasach

I dteannta a chéile táimid freagrach as cur i bhfeidhm na straitéise seo. Táimid tiomanta forbairt, athbhreithniú, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na pleananna feidhmithe le rannpháirtíocht eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach. Beimid solúbtha agus oscailte don athrú nuair is féidir agus gníomhóimid ar bhealach macánta measúil.

## Spríoc Straitéiseach

Forbraíodh an spríoc straitéiseach seo i gcomhairle le grúpa comhairleach an Lucht Siúil agus na Romach. Rinneadh an-mhachnamh a chuimsigh roinnt ceardlann agus plé chun an spríoc ceart a aithint.

Tá gealltanais tugtha ag Éirinn cearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (NA) um Chearta an Linbh.

Áirítear leis seo:

- An ceart chun saoirse tuairimí a nochtadh (Airteagal 13)
- An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin (Airteagal 14)
- An ceart chun saoirse comhlachais agus saoirse comhthionóil shíochánta (Airteagal 15)
- An ceart chun príobháideachta (Airteagal 16)
- An ceart chun cosaint ó dhrochíde agus faillí (Airteagal 19)
- An ceart chun an caighdeán sláinte is airde a bhaint amach (Airteagal 24)
- An ceart chun oideachais (Airteagal 28)
- An ceart chun taitneamh a bhaint as a gcultúr, a reiligiún nó a dteanga féin (Airteagal 30)

Tá an cur chuige cearta-bhunaithe seo mar bhonn leis an obair ar an straitéis agus ar fhorbairt na sprice.

**Cothromas rochtana, deiseanna agus torthaí, chomh maith le rannpháirtíocht bhríoch, a chinntiú thar chontanam an oideachais don Lucht Siúil agus do na Romaigh go léir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, i gcóras cuimsitheach ina léirítear meas ar an Lucht Siúil agus na Romaigh agus ina dtacaítear leo a n-acmhainneacht a chomhlíonadh, agus ina mbíonn a gcultúir agus a bhféiniúlacht eitneach aitheanta, infheicthe agus luachmhar.**



Léirítear thíos gach gné den sprioc ó thaobh foghlaimeora den Lucht Siúil agus na Romach. Ina chroílár tá an dá réimse a bhfuil tionchar straitéiseach acu do SOLSR: eispéireas foghlaimeora an Lucht Siúil agus na Romach, agus rath foghlaimeora an Lucht Siúil agus na Romach.



Ag leibhéal na luathfhoghlama agus an chúraim, is é príomhfhócas na straitéise seo ná rannpháirtíocht chomhionann sa **An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ)** do leanaí den Lucht Siúil agus Romaigh.

Ag leibhéal na scoile, is é príomhfhócas na straitéise seo feabhas a chur ar eispéiris foghlama agus ar leibhéil ghnóthachtála do gach leanbh agus duine óg den Lucht Siúil agus Romach ach go háirithe feabhas suntasach a chur ar an líon na ndaoine óga a leanann ar scoil go dtí an óu bliain agus a ghnóthaíonn Ardteistiméireacht.

Maidir leis an gcóras treasach, is é aidhm na straitéise seo ná éagsúlacht dhaonra na hÉireann a léiriú sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil lena chinntiú gur féidir le gach duine, beag beann ar chúltra nó oideachas, oideachas a rochtain gan bhacainní.


# 5 Strategic pillars and strategic actions



## Colúin Straitéiseacha agus Gníomhartha Straitéiseacha

Tá an straitéis sé bliana bunaithe ar cheithre cholún straitéiseach. I ngach colún aithnímid toradh inmhianaithe agus sraith gníomhartha straitéiseacha a bhfuil sé mar chuspóir acu ár sprioc a bhaint amach. I bplean forfheidhmithe dhá bhliain ar leith cuirtear i láthair na gníomhartha, na heagraíochtaí ceannais, an tréimhse ama, na táscairí dul chun cinn agus na spriocanna atá le baint amach faoi mhí an Mheithimh 2026. Coinneoidh grúpa maoirseachta an plean seo faoi athbhreithniú. Soláthraíonn an chéad phlean feidhmithe an bonn don straitéis seo. Aithnítear ann gur gá struchtúir agus acmhainní a chur i bhfeidhm agus go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh chun tógáil ar thorthaí na gcomhairliúchán, go háirithe ón treoirthionscadal STAR. Beidh fócas na bpleananna feidhmithe ina dhiaidh sin ar thógáil agus ar leathnú ar obair agus ar fhoghlaim an chéad phlean feidhmithe agus ar thionscnaimh nua nár cuireadh san áireamh sa phlean reatha a chuimsiú.

Baineann ceann de thorthaí na meastóireachta ar threoirthionscadal STAR leis an téarma 'STAR', a sheasann do 'Ag Tacú leis an Lucht Siúil agus na Romaigh' (Supporting Travellers and Roma) san oideachas, agus an tábhacht agus mothú dearfachta ag an téarma seo do bhaill de phobail an Lucht Siúil agus ns Romach. Aithnítear é sin sa straitéis agus plean forfheidhmithe seo agus, cé go bhfuil an treoirthionscadal tagtha chun críche, gealltar go n-úsáidfean an téarma 'STAR' amach anseo chun freastal i gcoitinne ar thacaíochtaí spriocdhírthe do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach i scoileanna. .





## Colún 1: Rannpháirtíocht agus taithí

Feabhas a chur ar eispéireas foghlama an Lucht Siúil agus na Romach ag gach leibhéal den chóras oideachais.

### Toradh

Rannpháirtíocht bhríoch ar fud an chontanaim oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh go léir i gcóras oideachais cuimsitheach ina léirítear meas ar gach duine den Lucht Siúil agus na Romach, agus ina mbíonn a gcultúir agus a bhféiniúlacht eitneach aitheanta, infheicthe agus luachmhar.

- 1.1 Oibriú i dtreo rátaí coibhéiseacha leanaí óga an Lucht Siúil agus na Romach agus an daonra i gcoitinne a ghlacann páirt i seirbhísí ardchaighdeáin agus cuimsitheacha do chúram luathfhoghlama agus cúram leanaí in aois scoile tríd an tsamhail maoinithe Tús Cothrom agus na gníomhartha uilíocha agus spriocdhírthe a bhaineann leis.
- 1.2 A chinntiú go bhfaigheann gach leanbh óg den Lucht Siúil agus na Romach taithí ar thimpeallacht luathfhoghlama agus chúram leanaí ardchaighdeáin, ghnaíúil, fháiltiúil, chuimsitheach atá ullmhaithe go cultúrtha agus go teangeolaíoch chun fáilte a chur roimh an leanbh agus an teaghlach.
- 1.3 Cumais oideoirí luathbhlianta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht agus freagairt di agus chun freastal ar riachtanais fhoghlama agus chúraim a bhaineann le cúlraí teanga, socheacnamaíocha, cultúrtha agus eitneacha an Lucht Siúil agus na Romach sin.
- 1.4 Leanúint le cuimsiú agus éagsúlacht a neartú inár scoileanna lena n-áirítear trí fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí, cur i bhfeidhm *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi*, agus trí Threoirlínte Idirchultúrtha na Roinne Oideachais do scoileanna.
- 1.5 Obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a chur chun cinn maidir le tacú le teagasc agus foghlaim faoi chultúr agus stair an Lucht Siúil laistigh den churaclam, lena n-áirítear tacaíochtaí a sholáthar do phobal an Lucht Siúil chun cuidiú le forbairt ábhar ábhartha do scoileanna. Rannpháirtíocht múinteoirí agus baill phobal na scoile in oiliúint spriocdhírthe ar fheasacht chultúrtha a chur chun cinn agus a spreagadh.
- 1.6 A chinntiú go ndírítear ar thaithí agus ar thorthaí leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm beartas lárnach agus meicníochtaí mar úsáid Laethanta Scoile Laghdaithe, díbirtí agus fionraíochtaí agus rogha ábhar agus díolúintí, agus cur i bhfeidhm polasaithe oideachais speisialta do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach.
- 1.7 Leanaí agus daoine óga de chuid an Lucht Siúil agus na Romach a spreagadh agus a thacú le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim lena n-áirítear cláir Óige Chruthaitheach, clubanna obair bhaile agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile.
- 1.8 Tacú le scoláirí an Lucht Siúil agus na Romach chun rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais treasacha agus oibriú lena chinntiú go mbíonn eispéireas dearfach agus fáilteach ag scoláirí.



## Colún 2: Rochtain agus Torthaí

Cothromas rochtana, deiseanna agus toraidh a chinntiú don Lucht Siúil agus na Romaigh chun a lánacmhainneacht a bhaint amach trínár gcóras oideachais.

### Toradh

Cothromas rochtana, deiseanna agus toraidh ar fud an chontanam oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh go léir i gcóras oideachais uilechuimsitheach ina dtacaítear leis an Lucht Siúil agus na Romaigh a bheith rannpháirteach agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.

- 2.1 A chinntiú go bhfaighidh leanaí an Lucht Siúil agus na Romach taithí ar aistrihe éifeachtacha ina mothóidh siad go léirítear meas orthu, go dtugtar tacaíocht ghníomhach dóibh agus go gcothaítear iad, ag an tús agus trína n-eispéireas luathfhoghlama agus cúraim agus uaidh sin go dtí an scoil.
- 2.2 A chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí den Lucht Taistil agus ag leanaí Romacha ar thacaíochtaí breise do ghnóthachtáil teanga agus litearthachta de réir gníomhartha sa Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití 2024 – 2033.
- 2.3 Tógáil ar rath na dtionscnamh litearthachta a trialladh i dtionscadal píolótach STAR chun tacú le leanaí agus daoine óga an Lucht Taistil agus na Romach a n-inniúlacht litearthachta a fhorbairt, agus na gníomhartha i Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024 - 2033 a chur i bhfeidhm, go háirithe iad siúd a dhíríonn ar an Lucht Siúil agus na Romaigh, lena n-áirítear tuismitheoirí agus caomhnóirí ó na pobail sin.
- 2.4 Tacú le leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach ag pointí aistrihe ár gcóras oideachais. Acmhainní a dhíriú go háirithe ar aistrihe go dtí an iar-bhunscóil agus ar dhul chun cinn agus ar choinneáil níos faide ná bliain a trí den tSraith Shóisearach isteach sa tSraith Shinsearach agus uaidh sin go dtí scrúdú na hArdteistiméireachta. Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do scoileanna sainriachtanais treorach phobail an Lucht Siúil agus na Romach a aithint agus straitéisí a áireamh sa phlean treorach scoile uile chun freastal ar shainriachtanais an chohórt seo.







- 2.5 Córais bailithe sonraí a leathnú ionas gur féidir patrúin tinrimh do leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach a mhonatóireacht inár scoileanna. Agus na sonraí mar bhonn eolais, gníomh dearfach a dhéanamh i gcomhpháirt le Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT), scoileanna agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach, lena n-áirítear eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach, chun aghaidh a thabhairt ar dhroch-thinreamh agus chun tacú le leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach arís agus fanacht gafa.
- 2.6 Tacú le scoileanna atá ag obair lena chinntiú go bhfuil a mbeartais iontrála de réir gach gné den Acht Oideachais (Iontráil i Scoileanna), 2018, lena n-áirítear maidir le neamhleithcheal, agus feasacht tuismitheoirí agus caomhnóirí i bpobal an Lucht Siúil agus na Romach a chinntiú maidir le hiontrálacha agus tinreamh scoile, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí.
- 2.7 Tacú le folláine leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach tríd an Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat Cleachtais a chur i bhfeidhm tuilleadh, ina gcuirtear cur chuige coisctheach scoile uile chun cinn ionas go mothaíonn leanaí, daoine óga agus an fhoireann muintearas agus go mothaíonn siad sábháilte, nasctha, go bhfuiltear ag éisteacht leo agus go bhfuil siad tacaíthe inár scoileanna.
- 2.8 Deiseanna foghlama solúbtha agus freagrúla a sholáthar a thacaíonn le scoláirí an Lucht Siúil agus na Romach ar fud an chórais oideachais treasaigh.



## Colún 3: Comhpháirtíocht

Oibriú le chéile ar fud an chórais agus le pobail an Lucht Siúil agus na Romach, lena n-áirítear eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach, chun tacú le seachadadh na straitéise seo.

### Toradh

Seachadadh rathúil na straitéise seo agus ár sprioc a bhaint amach trí chomhoibriú gníomhach agus comhpháirtíocht

- 3.1 Oibriú le tuismitheoirí agus caomhnóirí an Lucht Siúil agus Romach mar chomhpháirtithe in aistear luathfhoghlama agus cúram leanaí agus úsáid a bhaint as na deiseanna seo chun muinín a chothú mar phríomh-chomhpháirtí i bhforbairt leanaí agus chun teaghlaigh a threorú chuig tacaíochtaí níos leithne laistigh agus lasmuigh den luathfhoghlaim agus cúram.
- 3.2 Ról agus struchtúir a fhorbairt lena n-áirítear oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh don Lucht Siúil Tusla chun teaghlaigh a nascadh le seirbhísí agus ról laistigh de sheirbhísí Tús Níos Fearr agus Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí (LFC) agus Cúram Leanaí in Aois Scoile (CAS) chun seirbhísí a nascadh le teaghlaigh.
- 3.3 Struchtúir a fhorbairt chun comhoibriú leanúnach a éascú le pobail agus eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar bheartais oideachais. Rannpháirtíocht bhríoch leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach a chinntiú i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i monatóireacht an bheartais oideachais. Rannpháirtíocht a spreagadh agus a thacú idir scoileanna agus tuismitheoirí agus caomhnóirí, eagraíochtaí agus pobail an Lucht Siúil agus na Romach.
- 3.4 Fócas a chinntiú ar rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach idir an córas oideachais agus pobail agus eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach, trí acmhainní faisnéise spriocdhírthe inrochtana a sholáthar ar an gcóras oideachais agus tacaíochtaí agus forbairtí gaolmhara. Tacú le rannpháirtíocht láidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí an Lucht Siúil agus na Romach, trí thacaíochtaí spriocdhírthe agus feachtas agus dea-chleachtas a mhéadú maidir le teanga, litearthacht agus litearthacht dhigiteach trasna an chórais.
- 3.5 Acmhainní a sholáthar do gach scoil chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil agus dul i ngleic le costas scoile do gach teaghlach trí thacaíochtaí uilíocha; leanúint den obair ar athbhreithniú ar leithdháileadh acmhainní do scoileanna do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus an obair a eascraíonn ón athbhreithniú a dhéanamh. Leanúint de chaipitíocht bhreise a sholáthar do scoileanna a bhfuil rolluithe Lucht Siúil acu agus rolluithe an Lucht Siúil agus na Romach a chur san áireamh i samhail aitheantais DEIS.
- 3.6 Tógáil ar an bhfaisnéis agus ar an eolas atá ann cheana maidir le hoideachas an Lucht Siúil agus na Romach agus iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear a bhfuarthas trí fhorbairt na straitéise seo agus trí mheastóireacht ar thionscadal STAR. Tuilleadh taighde, comhairliúcháin agus meastóireachta a dhéanamh de réir mar is gá. A chinntiú go ndírítear ar dhea-chleachtas a aithint agus a roinnt.
- 3.7 Trí thaighde, na bacainní agus na cumasóirí do mhná an Lucht Siúil agus na Romach ó thaobh rochtain a fháil ar oideachas treasach a aithint agus an chaoi le tacú le mná an Lucht Siúil agus na Romach ar a dturas oideachasúil a bhreithniú.



## Colún 4: Athrú a Sheachadadh

Cur i bhfeidhm na straitéise agus an phlean feidhmithe seo a bhrú ar aghaidh, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí.

### Toradh

Déantar monatóireacht ghéar ar dhul chun cinn ar sprioc SOLSR a bhaint amach agus tuairiscítear go poiblí air. Bunaítear creat monatóireachta agus meastóireachta le spriocanna fianaise-bhunaithe agus ráiteas faoin toradh a bhfuiltear ag súil leis.

- 4.1 Oibriú trí shamhail mhaoinithe Tús Cothrom agus grúpa maoirseachta chun tacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírthe a fhorbairt agus a sheachadadh trí chóras fairsing monatóireachta agus meastóireachta feidhmithe agus tuairisciú ar dhul chun cinn don phróiseas SOLSR. Beidh Foireann Tionscadal Tús Cothrom tiomnaithe, laistigh den RLCMLÓ, i gceannas ar chur i bhfeidhm Tús Cothrom.
- 4.2 Fóram Oideachais don Lucht Siúil agus na Romach a bhunú chun eolas a thabhairt don athbhreithniú ar dhul chun cinn agus réimsí a aithint ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta, comhairliúcháin, taighde agus meastóireachta, agus comhairliúchán a éascú le baill den Lucht Siúil agus na Romach ar chúrsaí ar fud an chórais oideachais.
- 4.3 Struchtúr maoirseachta agus rialachais a bhunú chun feidhmiú na straitéise agus an phlean feidhmithe a bhrú ar aghaidh go gníomhach. Creat monatóireachta agus meastóireachta agus meicníochtaí tuairiscithe a bhunú, lena n-áirítear tuairisciú don choiste SNITR.
- 4.4 Trí Chigireacht na Roinne Oideachais, faisnéis a bhailiú faoi phríomhghníomhartha na straitéise seo a bhaineann le heispéiris agus torthaí leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach agus meon agus timpeallacht na scoile uile. A chinntiú go bhfuil sonraí ar líon na leanaí agus na ndaoine óga de chuid an Lucht Siúil agus na Romach ar fáil don Chigireacht mar bhonn eolais lena próisis phleanála bliantúla.
- 4.5 Pearsanra cuí a earcú agus struchtúir thacaíochta a bhunú chun cur i bhfeidhm a chomhordú agus a thiomáint ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, lena n-áirítear oibriú le scoileanna, pobail agus eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach, agus an pobal níos leithne de réir mar is cuí.
- 4.6 Leanúint le forbairt raon sonraí a bhailítear, a ndéantar anailís orthu agus a fhoilsítear bainteach le hoideachas don Lucht Siúil agus na Romaigh, le fócas ar shonraí a chur ar fáil don phobal nuair a úsáidtear iad le haghaidh cinnteoireachta; raon na sonraí dí-chomhbhailithe agus cáilíochtúla a ghnóthaítear a mhéadú; comhroinnt sonraí idir ranna agus gníomhaireachtaí a mhéadú; bailiú sonraí eitneacha a fheabhsú; agus tuilleadh sonraí a anailísiú chun cuidiú le dul chun cinn a mhonatóireacht; treochotha a thuiscint, go háirithe iad siúd a bhaineann le tinreamh agus coinneáil; agus idirghabhálacha beartais a dhearadh.

6 Cur i bhfeidhm a bhrú ar aghaidh, dul chun cinn a mhonatóireacht, tionchar a mheas agus tuairisciú



Chun cur i bhfeidhm na straitéise seo a bhrú ar aghaidh leanfaidh an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag obair i gcomhar le heagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach. Tá an chéad phlean feidhmithe dhá bhliain á fhoilsiú taobh leis an straitéis seo. Leagtar amach i bplean feidhme 2024 go 2026 sraith gníomhartha atá le baint amach faoi lár na bliana 2026.

I gColún 4 den phlean feidhme leagtar amach na hathruithe struchtúracha atá beartaithe chun go dtarlóidh athrú sistéamach, lena n-áirítear róil nua comhordaitheora a bhunú chun oibriú ar sheachadadh na ngníomhaíochtaí sa phlean feidhme. Maidir le luathfhoghlama agus cúraim (LFC) agus cúram leanaí in aois scoile (SAC), áirítear an tsamhail nua-mhaoinithe um Thús Cothrom agus tabhairt isteach róil nua oibríthe naisc agus comhordaitheoirí i suíomhanna LFC agus LAS. I gcás na hearnála scoile, áirítear leis seo róil nua chomhordaithe a aithint chun cur i bhfeidhm na straitéise a bhrú ar aghaidh. Áirítear leis seo freisin bunú ról buan-chomhordaitheora STAR chun cur leis an méid a foghlaimíodh ó thionscadail STAR lena n-áirítear pobail chleachtais STAR agus an clár Ambasadóir STAR a leathnú.

Samhail nua maoinithe is ea Tús Cothrom le sraith beart gaolmhar uilíoch agus spriocdhírithé chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht sa luathfhoghlaim agus cúram (LFC) agus cúram leanaí in aois scoile (LAS) do leanaí agus a dteaghlach atá faoi mhíbhuntáiste. Tugann sé tosaíocht do leanaí agus do theaghlach an Lucht Siúil agus Romach le haghaidh tacaíochtaí breise. I measc na mbeart, tionscnaimh chumarsáide chun tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí, rannpháirtíocht tuismitheoirí i suíomhanna a spreagadh, tacú le suíomhanna LFC agus LAS a bheith níos cuimsithí agus maoiniú breise/tacaíochtaí saincheaptha do spriocghrúpaí agus limistéir ina bhfuil dlús míbhuntáiste.

Agus an tábhacht agus luach rannpháirtíochta bhaill den Lucht Siúil agus na Romach in obair spriocdhírithé le leanaí agus le daoine óga ó na pobail sin á aithint, déanfar iarrachtaí ar leith iarratais a spreagadh agus glacadh post ábhartha ag baill den Lucht Siúil agus na Romach pobail a thacú. Áirítear sa phlean feidhmithe freisin bearta maidir le héagsúlacht an lucht saothair a mhéadú ar fud an oideachais.

Chun maoirseacht a sholáthar agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne pleananna, bunófar Grúpa Maoirseachta um Straitéis don Lucht Siúil agus na Romaigh. Beidh an grúpa seo ionann agus ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh agus beidh ionadaithe aige ó na trí earnáil éagsúla, ó Ranna agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile agus ó eagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach. Bainfidh an grúpa seo úsáid as an bplean feidhmithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in aghaidh an phlean.

Chun comhairliúchán leanúnach a chinntiú le heagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach agus le daoine aonair ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach bunófar Fóram Oideachais don Lucht Siúil agus Romaigh. Tiocfaidh an grúpa le chéile ar a laghad dhá uair sa bhliain agus mar aon le haiseolas a sholáthar ar chur i bhfeidhm cuirfidh sé peirspictíocht an Lucht Siúil agus na Romach ar fáil do réimsí beartais oideachais eile .


Chun rannpháirtíocht bhríoch leanúnach leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach a chinntiú, forbrófar sainplean comhairliúcháin agus rannpháirtíochta i gcomhairle leis an ngrúpa seo. Tiocfaidh sé seo chun cinn de réir mar a leanann obair aonad rannpháirtíochta na scoláirí agus na roinne níos leithne ag forbairt, ina mbeidh an tSamhail Lundy agus Creat an Rialtais um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga mar bhonn léi.

Chun tionchar ar an gcóras scoile a mheas cuirfear tús le sraith cigireachtaí a dhíreoidh ar leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil agus na Romach. Déanfar próifíl de thuras an linbh tríd an gcóras scoile a mhapáil ag úsáid sonraí ó na ranna éagsúla, ón gcóras oideachais agus ón tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Déanfar tuilleadh taighde a choimisiúnú mar is cuí agus déanfar roghanna inmharthana a fhiosrú agus a fhorbairt chun tionchar na dtacaíochtaí spriocdhírthe ar chohóirt ar leith a thomhas, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil na Romach. Cuid thábhachtach den chéad chéim SOLSR is ea an méid rímhór sonraí a bhaileofar trí shraith de chomhairliúcháin SOLSR poiblí agus spriocdhírthe a mheas agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionscadal STAR.

## Tuairisciú

Tá gach ceann de na trí roinn sa straitéis seo freagrach as a ngníomhaíochtaí a sheachadadh agus as dul chun cinn a thuairisciú do Choiste Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta don Lucht Siúil agus na Romaigh (SNITR).

Chun tuairisciú a chuíchóiriú agus dúbláil a choinneáil chomh híseal agus is féidir, glacfaidh an Roinn Oideachais freagracht iomlán as maoirsiú na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil agus Romaigh. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil, arna fhaomhadh ag an nGrúpa Maoirseachta, ar fáil do Choiste Stiúrtha an SNITR Straitéis Náisiúnta um Thaistealaithe agus Romach .




Tá gníomhartha SOLSR deartha chun amlínte agus torthaí soiléire a bheith acu ionas gur féidir tuairisciú go furasta. Forbrófar tuarascálacha ar dhul chun cinn, a thabharfaidh nuashonrú ar dhul chun cinn in aghaidh an phlean, agus cuirfear iad ar fáil do Ghrúpa Maoirseachta SOLSR. Is é Grúpa Maoirseachta SOLSR a chinnfidh minicíocht an tuairiscithe agus a luaithe a thugtar faomhadh do na tuarascálacha ar dhul chun cinn foilseofar iad ar leathanach gréasáin SOLSR ar gov.ie.

Soláthróidh foilsiú tuarascálacha ar dhul chun cinn léargas simplí ar dhul chun cinn na ngníomhartha go léir, rud a thabharfaidh deis do na páirtithe leasmhara go léir dul chun cinn a rianú, saincheistanna a aithint agus rath a cheiliúradh. Níos tábhachtaí fós, beidh ar chumas baill den Lucht Siúil agus na Romach agus na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu ann a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ceistanna a ardú de réir mar is cuí.

Déanfar pleananna cur chun feidhme SOLSR a athbhreithniú uair amháin gach dhá bhliain agus déanfar iad a nuashonrú dá réir. Cuirfear gníomhartha nua leo agus bainfear gníomhartha a bhíonn curtha i gcríoch trí athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn.

# Aguisín



## Aguisín 1. Liosta Giorrúchán

CICD (CERD)	Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le gach cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú
CCESC (CESCR)	An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha
RLCMLÓ (DCEDIY )	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
RBAOTNE (DFHERIS)	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
RO (DOE)	An Roinn Oideachais
LFCL (ELC)	Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí
AE (EU)	An Aontas Eorpach
CCMC (FCNM)	Creat-Choinbhinsiún chun Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint
TBSP(HSCL)	Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail
PRN (NAP)	Plean Rochtana Náisiúnta
CNCM (NCCA)	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
SNITR (NTRIS)	Straitéis Náisiúnta maidir le hlonchuimsiú Taistealaithe agus Romach
ECFE (OECD)	Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta Clár PFG don Rialtas
POD	Bunachar Sonraí ar Líne na Roinne Oideachais
CLAS (SAC)	Cúram Leanaí in Aois Scoile
TLSR (STAR)	Ag tacú leis an Lucht Siúil agus na Romaigh
STOT (TESS)	Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla
SOLSR (TRES)	Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh
NA (UN)	Na Náisiúin Aontaithe
CNACL (UNCRC)	Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh



## Aguisín 2. Ballraíocht Ghrúpa Comhairleach SOLSR

An Roinn Oideachais – gach rannán ábhartha, lena n-áirítear

- An Chigireacht
- Roinn Tuismitheoirí agus Leanaí (PLU)
- Aonad Curaclaim agus Beartas (CAP)
- Oideachas Múinteoirí
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNOS)

Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)

Luathbhlianta, Polasaí & Beartas Beartas an Lucht Siúil agus na Romach

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE)

Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)

Líonra Príomhoidí Éireann (IPPN)

Ionad Pavee Point do Thaistealaithe agus na Romaigh

Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná (NTWF)

Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann (GTÉ)

Exchange House Ireland

Minceirs Whiden

Involve

Cairde

Eagraíochtaí aonair an Lucht Siúil agus na Romach

